# AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA UM OIDEACHAS SPEISIALTA

# NATIONAL COUNCIL FOR SPECIAL EDUCATION

## Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais

---

**CLÁR ÁBHAR** | **LEATHANACH**


| | |
|---|---|
| FAISNÉIS | 2 |
| TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE | 3 - 4 |
| RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA gCOMHALTAÍ DEN CHOMHAIRLE | 5 – 10 |
| RÁITEAS FAOI RIALÚ INMHEÁNACH | 11 - 13 |
| RÁITEAS FAOI IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ COINNITHE IONCAIM | 14 |
| RÁITEAS FAOI IONCAM CUIMSITHEACH | 15 |
| RÁITEAS FAOIN STAID AIRGEADAIS | 16 |
| RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID | 17 |
| NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS | 18 - 28 |

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Faisnéis

---

**Comhaltaí den Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta:**

| 2019-2022 |
|---|
| An tUas. Joe Hayes (Cathaoirleach)<br>An tUas. Don Mahon (Leas-Chathaoirleach)<br>Áine Lynch Uas.<br>Anne Tansey Uas.<br>Antoinette Nic Gearailt<br>Carol Cuffe Uas.[1]<br>Clodagh Ní Mhaoilchiaráin<br>Deirbhile Nic Craith<br>An tUas. Dharragh Hunt<br>An tUas. Eamon Clavin<br>Eileen Daly Uas.<br>An tUas. Pat Goff<br>An tUas. Peter Archer |

**Príomhfheidhmeannach:**

Teresa Griffin Uas.

**Ceannoifig:**

1-2 Sráid an Mhuilinn, Baile Átha Troim, Co. na Mí

**Cuntasóirí:**

Mazars, Bloc 3, Ionad Fhearchair, Bóthar Fhearchair, Baile Átha Cliath 2

**Iniúchóirí:**

Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, 3A Sráid an Mhéara Uachtarach, Baile Átha Cliath 1

**Baincéirí:**
Banc na hÉireann, Faiche an Choláiste, Baile Átha Cliath 2

Banc na hÉireann, Cearnóg an Mhargaidh, An Uaimh, Co. na Mí

Bainc-Aontas Éireann, 26 Sráid Phádraig, Corcaigh

[1] D'éirigh Carol Cuffe Uas. as a ról ar Chomhairle na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta an 9 Meán Fómhair 2020

**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**Comptroller and Auditor General**

# Tuarascáil lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha an Achta um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004. Cuimsíonn na ráitis airgeadais

- an ráiteas faoi ioncam agus caiteachas agus cúlchistí coinnithe ioncaim
- an ráiteas faoi ioncam cuimsitheach
- an ráiteas faoin staid airgeadais
- an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairim, tugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na Comhairle ag an 31 Nollaig 2019 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain dar críoch an dáta sin de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 — *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

### *Bunús na tuairime*

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin. Táim neamhspleách ar an gComhairle agus chomhlíon mé na freagrachtaí eiticiúla eile atá orm de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé chun bunús a thabhairt le mo thuairim.

## Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais agus ar ábhair eile

Chuir an Chomhairle faisnéis áirithe eile i láthair i dteannta na ráiteas airgeadais. Cuimsíonn an fhaisnéis sin an ráiteas rialachais, tuarascáil na gcomhaltaí den Chomhairle, agus an ráiteas faoi rialú inmheánach.

Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisc a thabhairt ar fhaisnéis den sórt sin agus ar ábhair áirithe eile ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam i leith na n-ábhar sin.

Patricia Sheehan
**Le haghaidh agus thar ceann an**
**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**30 Meán Fómhair 2020**

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí na gcomhaltaí den Chomhairle

Tá na comhaltaí freagrach as na nithe seo a leanas

- ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoin Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004
- a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir de réir FRS102 sna ráitis airgeadais
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheas cé acu is cuí nó nach cuí bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta a úsáid, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann siad a bheith riachtanach chun ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoin Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004, ráitis airgeadais na Comhairle a iniúchadh agus tuairisciú orthu do Thithe an Oireachtais.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán go bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais de bharr calaoise nó earráide; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt le mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá cuí sna cúinsí, seachas chun tuairim a chur in iúl ar a éifeachtaí atá na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar a chuí atá na beartais chuntasaíochta a úsáideadh agus ar a réasúnaí atá na meastacháin chuntasaíochta agus an nochtadh gaolmhar.
- Déanaim cinneadh ar a chuí atá sé bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta a úsáid agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, déanaim cinneadh ar cé acu is ann nó nach ann d'éiginnteacht ábhartha a bhaineann le heachtraí nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar an gcumas atá ag an gComhairle leanúint de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach. Má chinnim gurb ann d'éiginnteacht ábhartha, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, i gcás nach leor an nochtadh sin, ceanglaítear orm mo thuairim a athrú. Tá mo chinntí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh eachtraí nó dálaí amach anseo a chur faoi deara go scoirfeadh an Chomhairle de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus ar cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear na hidirbhearta agus na heachtraí bunúsacha i láthair ar bhealach cóir sna ráitis airgeadais.

Téim i dteagmháil leo sin a bhfuil freagrachtaí rialachais orthu as raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus as fionnachtana suntasacha iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha ar an rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

### Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile atá curtha i láthair sna ráitis sin, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an fhaisnéis eile atá curtha i láthair a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh go bhfuil an fhaisnéis eile neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó go bhfuil an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis eile sin, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na cúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí a fhaigheann cistiú suntasach ón Stát maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscím i gcás go sainaithním ábhair ábhartha a bhaineann leis an dóigh ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Tuairiscím i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann. Tuairiscím trí eisceacht freisin i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí den Chomhairle

---

**Rialachas**

Bunaíodh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta mar chomhlacht reachtúil neamhspleách le hordú ón Aire Oideachais agus Eolaíochta ag an am (ar a dtugtar an tAire Oideachais agus Scileanna anois) i mí na Nollag 2003. Bunaíodh go foirmiúil í faoin Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004, le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2005.

Tá feidhmeanna na Comhairle leagtha amach in alt 20 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu. Tá an Chomhairle cuntasach don Aire Oideachais agus Scileanna agus tá sí freagrach as dea-rialachas a chinntiú. Déanann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin foireann, riarachán agus gnó na Comhairle a bhainistiú agus a rialú i gcoitinne, mar atá leagtha amach in alt 24 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu. Is ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ar an bhfoireann ardbhainistíochta atá an fhreagracht as an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta a bhainistiú, a rialú agus a threorú ar bhonn laethúil. Ní mór don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus don fhoireann ardbhainistíochta cloí leis an treo straitéiseach atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise (2017 - 2021) ar cheadaigh an Chomhairle é agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta den Chomhairle ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas agus ar aon rioscaí suntasacha ar dóigh dóibh teacht chun cinn.

**Freagrachtaí na Comhairle**

Tá obair agus freagrachtaí na Comhairle leagtha amach san Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu agus sa Treoir Rialachais Chorparáidigh do Chomhaltaí den Chomhairle, rud ina dtugtar breac-chuntas sonrach ar na nithe atá forchoimeádta don Chomhairle. Tá gnó agus dualgais na Comhairle leagtha amach tuilleadh i dTéarmaí Tagartha agus Buan-Orduithe na Comhairle. Áirítear iad seo a leanas leis na buanmhíreanna a bhreithníonn an Chomhairle:

- dearbhú leasanna
- tuarascálacha ó na coistí
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta
- tuarascálacha feidhmíochta
- nithe forchoimeádta
- athbhreithniú ar rioscaí a bhaineann leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Ceanglaítear le halt 29 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu ar Chomhairle na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead a fhaigheann sí agus a chaitheann sí a choimeád i cibé foirm a cheadóidh an tAire Oideachais agus Scileanna, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar Chomhairle na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an Chomhairle ag feidhmiú
- a lua cé acu a leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá nochta agus mínithe sna ráitis airgeadais.

Tá an Chomhairle freagrach freisin as taifid dhóthanacha chuntasaíochta a choinneáil, ina gcuirtear a staid airgeadais in iúl le cruinneas réasúnach ag am ar bith agus lena gcuirtear ar a cumas a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht le ceanglais an Achta um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu. Cloíonn an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta le nósanna imeachta cuntasaíochta an rialtais le linn di ráitis airgeadais a ullmhú faoi Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann).

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí den Chomhairle

Tá an Chomhairle freagrach as an bplean bliantúil agus as an mbuiséad bliantúil a cheadú. Rinneadh meastóireacht ar fheidhmíocht na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta i gcomparáid leis an bplean bliantúil agus leis an mbuiséad bliantúil ag an gcruinniú de chuid na Comhairle an 11-12 Nollaig 2019. Tá an Chomhairle freagrach freisin as a sócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú. Déanann an Chomhairle measúnú cuí ar phríomhrioscaí na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta freisin, lena n-áirítear cur síos a dhéanamh ar na rioscaí sin nuair is cuí agus bearta gaolmhara maolaithe a chur i bhfeidhm.

Measann an Chomhairle go dtugtar léargas fírinneach cóir i ráitis airgeadais na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta ag an 31 Nollaig 2019.

**Struchtúr na Comhairle**

Cuimsíonn an Chomhairle Cathaoirleach, Leas-Chathaoirleach agus aon ghnáthchomhalta dhéag, a gceapann an tAire Oideachais agus Scileanna gach duine díobh. Tháinig téarma na Comhairle roimhe sin chun deiridh an 31 Nollaig 2018. Roimhe an dáta sin, rinne an tAire Cathaoirleach Ainmnithe agus ceathrar gnáthchomhaltaí a cheapadh an 21 Nollaig 2018 ar feadh na tréimhse suas go dtí an 31 Nollaig 2022. Rinne an tAire ochtar comhaltaí eile – mar aon leis an gCathaoirleach, tar éis dó dul i dteagmháil leis an Oireachtas – a cheapadh an 19 Feabhra 2019 ar feadh na tréimhse suas go dtí an 31 Nollaig 2022. I gcás gach comhalta, rachaidh a gcomhaltas den Chomhairle in éag an 31 Nollaig 2022.

Tá oibleagáid ar an gComhairle teacht le chéile sé huaire in aghaidh na bliana ar a laghad. Tháinig an Chomhairle le chéile sé huaire sa bhliain 2019. Sa tábla thíos, tugtar mionsonraí faoin tréimhse ceapacháin do na comhaltaí reatha:

| Comhalta den Chomhairle | Ról | Tréimhse Ceapacháin |
|---|---|---|
| | | |
| Joe Hayes* | Cathaoirleach | 21 Nollaig 2018 – 31 Nollaig 2022 |
| Don Mahon* | Leas-Chathaoirleach | 21 Nollaig 2018 – 31 Nollaig 2022 |
| Peter Archer | Gnáthchomhalta | 19 Feabhra 2019 – 31 Nollaig 2022 |
| Eamon Clavin | Gnáthchomhalta | 19 Feabhra 2019 – 31 Nollaig 2022 |
| Carol Cuffe | Gnáthchomhalta | 19 Feabhra 2019 – 31 Nollaig 2022 |
| Eileen Daly | Gnáthchomhalta | 19 Feabhra 2019 – 31 Nollaig 2022 |
| Pat Goff | Gnáthchomhalta | 19 Feabhra 2019 – 31 Nollaig 2022 |
| Dharragh Hunt | Gnáthchomhalta | 19 Feabhra 2019 – 31 Nollaig 2022 |
| Áine Lynch * | Gnáthchomhalta | 21 Nollaig 2018 – 31 Nollaig 2022 |
| Clodagh Ní Mhaoilchiaráin | Gnáthchomhalta | 19 Feabhra 2019 – 31 Nollaig 2022 |
| Deirbhile Nic Craith | Gnáthchomhalta | 19 Feabhra 2019 – 31 Nollaig 2022 |
| Antoinette Nic Gearailt* | Gnáthchomhalta | 21 Nollaig 2018 – 31 Nollaig 2022 |
| Anne Tansey* | Gnáthchomhalta | 21 Nollaig 2018 – 31 Nollaig 2022 |

*Tá na comhaltaí sin a bhfuil réiltín (*) in aice lena n-ainm ag cur an dara téarma as a chéile isteach ar an gComhairle*

Bhunaigh an Chomhairle cúig Choiste faoi alt 33 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu. Tuairiscíonn na Coistí don Chomhairle de réir a dtéarmaí tagartha agus de réir treoirlínte rialachais a chinnfidh an Chomhairle. Fónann comhaltaí den Chomhairle ar Choiste amháin nó níos mó. I gcás an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, cheap an Chomhairle Cathaoirleach neamhspleách ag a bhfuil taithí ábhartha.

Is iad seo a leanas na Coistí atá ar bun:

### 1. An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Cuimsíonn an Coiste ceathrar comhaltaí den Chomhairle, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus Cathaoirleach neamhspleách. Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca tacú le Comhairle na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta maidir leis na freagrachtaí atá uirthi as saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais trí athbhreithniú a dhéanamh ar a chuimsithí atá dearbhuithe maidir le riachtanais dearbhaithe na Comhairle a chomhlíonadh agus trí athbhreithniú a dhéanamh ar a iontaofa agus a shláine atá na dearbhuithe sin.

Is neamhspleách atá an Coiste le linn dó a chuid feidhmeanna agus freagrachtaí a chomhlíonadh agus le linn dó a chlár oibre a chinneadh agus faireachán a dhéanamh air. Níl sé faoi réir ordú ná rialú ó aon pháirtí eile a d'fhéadfadh cur as dó le linn dó a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh. Tagann an Coiste le chéile ceithre huaire ar a laghad in aghaidh na bliana agus scaiptear miontuairiscí na gcruinnithe ar gach comhalta den Chomhairle. Tugann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca tuairisc don Chomhairle tar éis gach cruinnithe Coiste.

Is iad seo na comhaltaí den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca: Lisa Campbell (Cathaoirleach), Peter Archer, Don Mahon agus Antoinette Nic Gearailt. Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca sa bhliain 2019.

### 2. An Coiste um Fheidhmíocht an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Cuimsíonn an Coiste um Fheidhmíocht an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin triúr comhaltaí den Chomhairle, lena n-áirítear Cathaoirleach na Comhairle. Is é ról an Choiste athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin i ndáil le Plean Gnó na heagraíochta. Bíonn dhá chruinniú ar a laghad ann gach bliain. Is iad seo na comhaltaí den Choiste um Fheidhmíocht an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin: Joe Hayes (Cathaoirleach), Peter Archer agus Antoinette Nic Gearailt. Bhí dhá chruinniú ag an gCoiste um Fheidhmíocht an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin sa bhliain 2019.

### 3. An Coiste Airgeadais

Cuimsíonn an Coiste Airgeadais ceathrar comhaltaí den Chomhairle. Is é ról an Choiste Airgeadais an Chomhairle a choinneáil ar an eolas faoina staid airgeadais agus comhairle a thabhairt di ina leith. Is ról comhairleach é sin, áit a dtugann an Coiste tuairisc agus a ndéanann sé moltaí chun tacú le cinnteoireacht airgeadais na Comhairle. Is iad seo na comhaltaí den Choiste Airgeadais: Antoinette Nic Gearailt (Cathaoirleach), Eileen Daly, Deirbhile Nic Craith agus Pat Goff. Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste Airgeadais sa bhliain 2019.

### 4. An Coiste Taighde

Cuimsíonn an Coiste Taighde ceathrar comhaltaí den Chomhairle. Tugann an Coiste Taighde comhairle don Chomhairle maidir leis an mbeartas agus an clár taighde agus déanann sé rannchuidiú saineolach cuí maidir le forbairt straitéiseach bheartas taighde na Comhairle, lena n-áirítear a clár ilbhliantúil taighde. Is iad seo na comhaltaí den Choiste Taighde: Peter Archer (Cathaoirleach), Dharragh Hunt, Áine Lynch agus Anne Tansey. Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Taighde sa bhliain 2019.

### 5. An Coiste Straitéise agus Beartais

Cuimsíonn an Coiste Straitéise agus Beartais ceathrar comhaltaí den Chomhairle. Is é an ról atá aige rannchuidiú cuí a dhéanamh le linn comhairle beartais a fhorbairt agus le linn ghníomhaíochtaí straitéiseacha leanúnacha na Comhairle. Is iad seo na comhaltaí den Choiste Straitéise agus Beartais: Don Mahon (Cathaoirleach), Eamon Clavin, Carol Cuffe agus Clodagh Ní Mhaoilchiaráin. Bhí sé chruinniú ag an gCoiste Straitéise agus Beartais sa bhliain 2019.

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí den Chomhairle

---

**Sceideal Freastail, Táillí agus Speansas**

Tá sceideal freastail ar na cruinnithe Comhairle agus Coiste sa bhliain 2019 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na speansais a fuair gach comhalta i leith dualgais Chomhairle:

| An líon cruinnithe | **Comhairle** | **An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca** | **An Coiste um Fheidhmíocht an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin** | **An Coiste Airgeadais** | **An Coiste Taighde** | **An Coiste Straitéise agus Beartais** | **Táillí 2019 €** | **Speansais 2019 €** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Joe Hayes | 6 | | 2 | | | | | 1,539 |
| Don Mahon | 6 | 4 | | | | 6 | | 598 |
| Peter Archer | 4 | 4 | 2 | | 4 | | | |
| Eamon Clavin | 5 | | | | | 6 | | |
| Carol Cuffe | 3 | | | | | 4 | | |
| Eileen Daly | 5 | | | 5 | | | | |
| Pat Goff | 5 | | | 5 | | | | 1,490 |
| Dharragh Hunt | 5 | | | | 4 | | | |
| Áine Lynch | 5 | | | | 3 | | | |
| Clodagh Ní Mhaoilchiaráin | 4 | | | | | 6 | | |
| Deirbhile Nic Craith | 5 | | | 5 | | | | 327 |
| Antoinette Nic Gearailt | 6 | 3 | 2 | 5 | | | | |
| Anne Tansey | 5 | | | | 3 | | | |
| Lisa Campbell[2] | N/B | 4 | | | | | | |
| **Iomlán** | 6 | 4 | 2 | 5 | 4 | 6 | | 3,954 |

Ní íoctar táillí le comhaltaí den Chomhairle i leith an róil atá acu mar chomhaltaí de Chomhairle na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta.

**Athruithe Príomhphearsanra**

Tar éis an Chomhairle a cheapadh mar atá leagtha amach thuas, ní dhearnadh aon athruithe eile uirthi sa bhliain 2019.

**An Nochtadh a Cheanglaítear leis an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)**

Tá an Chomhairle freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta ceanglais an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód") arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Ceanglaítear na nochtaí ar an gcéad leathanach eile leis an gCód.

---

[2] Níl Lisa Campbell ina comhalta den Chomhairle. Ceapadh í chuig an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca mar Chathaoirleach neamhspleách ag a bhfuil taithí ábhartha.

### *Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe*

Déantar sochair ghearrthéarmacha fostaithe ar fiú níos mó ná €60,000 iad a chatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

| **Raon na sochar fostaithe iomlán** | | **Líon fostaithe** | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go** | **2019** | **2018** |
| €60,000 - | €69,999 | 67 | 65 |
| €70,000 - | €79,999 | 7 | 7 |
| €80,000 - | €89,999 | 3 | 3 |
| €90,000 - | €99,999 | - | - |
| €100,000 - | €109,999 | 3 | 3 |
| €110,000 - | €119,999 | - | - |
| €120,000 - | €129,999 | - | - |
| €130,000 – | €139,999 | - | - |
| €140,000- | €149,999 | 1 | 1 |
| €150,000 + | | - | - |

Is Ard-Rúnaí Cúnta státseirbhíse í an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin. Ba é €148,620 luach saothair iomlán an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin don tréimhse airgeadais (2018: €143,445).

Ba é €542,801 an luach saothair iomlán a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta don bhliain 2019 (2018: €560,017). I measc an phríomhphearsanra bainistíochta tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ceathrar Príomhoifigeach a thuairiscíonn go díreach don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin.

### *Costais Chomhairleachta*

Áirítear le costais chomhairleachta an costas ar chomhairle sheachtrach a chur ar an lucht bainistíochta. Ní áirítear leo an costas ar fheidhmeanna seachfhoinsithe 'gnáthghnó'.

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Comhairle Airgeadais/Achtúireach Ghinearálta | 1,230 | 1,784 |
| Comhairle Dlí Ghinearálta | - | 25,495 |
| Comhairleacht TF | 308 | 1,230 |
| Comhairleacht Taighde | 55,350 | 68,331 |
| Comhairle Cumarsáide | 9,230 | 15,146 |
| Comhairleacht maidir leis an Tionscadal Teiripe Ionscoile | 80,954 | - |
| Eile | - | 14,118 |
| **Costais Chomhairleachta Iomlána** | **147,072** | **126,104** |

### *Costais Dlí agus Socraíochtaí*

Sa tábla thíos, tugtar miondealú ar shuimeanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe i ndáil le himeachtaí dlí. Ní áirítear leis caiteachas a tabhaíodh i ndáil leis an gcomhairle dlí ghinearálta a fuair an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. Tá an caiteachas sin ar áireamh sna Costais Chomhairleachta thuas.

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Costais Dlí** | **26,517** | **18,228** |

***Caiteachas Taistil agus Cothaithe***

Catagóirítear caiteachas taistil agus cothaithe mar a leanas:

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Taisteal intíre:** | | |
| Comhairle[3] | 3,113 | 14,776 |
| Fostaithe | 1,440,398 | 1,366,355 |
| **Taisteal idirnáisiúnta:** | | |
| Comhairle | 841 | Nialas |
| Fostaithe | 6,493 | 4,410 |
| **Iomlán** | 1,450,845 | 1,385,541 |

Tá costais taistil agus chothaithe do rannpháirtithe i dtionscnaimh forbartha gairmiúla taifeadta ar leithligh sa Tábla Caiteachais i Nóta 4.

***Caiteachas Fáilteachais:***

Tá an caiteachas fáilteachais mar a leanas:

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Fáilteachas | - | 700 |

**Ráiteas faoi Chomhlíonadh**

Ghlac an Chomhairle an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus chuir sí nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Chomhlíon an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta ceanglais an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit sa bhliain 2019.

**Sínithe:**

**Joseph Hayes**
**Cathaoirleach**

**Dáta: 23 Meán Fómhair 2020**

**Teresa Griffin**
**Príomhfheidhmeannach**

**Dáta: 23 Meán Fómhair 2020**

[3] Ní bhaineann caiteachas na Comhairle ach le speansais a bhaineann le gnó na Comhairle.

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

---

**Raon Freagrachta**
Thar ceann Chomhairle na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, admhaím an fhreagracht atá ar an gComhairle as a chinntiú go gcoinnítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Agus an fhreagracht sin á comhlíonadh, tugtar aird ar cheanglais an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

**Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh**
Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a choinneáil ar leibhéal inghlactha, seachas deireadh a chur leis. Dá bhrí sin, ní fhéadann an córas ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí agus go gcoisctear earráidí ábhartha agus mírialtachtaí nó go mbraitear iad ar bhealach tráthúil.

Bhí córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 agus suas go dtí an dáta a ceadaíodh na ráitis airgeadais, ach amháin i gcás mír amháin atá leagtha amach thíos sa mhír maidir le saincheisteanna rialaithe inmheánaigh.

**Cumas le Riosca a Láimhseáil**
Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca i bhfeidhm ag Comhairle na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. Cuimsíonn sé triúr comhaltaí den Chomhairle agus comhalta seachtrach amháin ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta agus a ghníomhaíonn mar Chathaoirleach ar an gCoiste. Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile ceithre huaire sa bhliain 2019.

Chuir Comhairle na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta feidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bun freisin, rud a dtugtar sách acmhainní dó agus a sheolann clár oibre a chomhaontaítear leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus a gceadaíonn Comhairle na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta é.

Chuir an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca beartas bainistíochta riosca le chéile, rud ar cheadaigh Comhairle na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta é agus ina leagtar amach an fonn riosca atá ar Chomhairle na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm aici agus ina mionsonraítear na róil atá ag baill foirne agus na freagrachtaí atá orthu ó thaobh riosca de. Eisíodh an beartas chuig gach ball foirne ar dóigh dóibh obair de réir bheartais bhainistíochta riosca na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta ionas gur féidir leo an lucht bainistíochta a chur ar an eolas faoi rioscaí atá ag teacht chun cinn agus faoi laigí rialaithe agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

**An Creat Riosca agus Rialaithe**
Chuir an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta córas bainistíochta riosca chun feidhme, rud lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir é, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina leagtar amach na príomhrioscaí atá roimh an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. Rinneadh na rioscaí sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú bunaithe ar a shuntasaí atá siad. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn bliantúil. Úsáidtear an toradh ar an obair sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh agus chun a chinntiú go gcoinnítear rioscaí ar leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht a leagtar ar bhaill foirne shonracha as rialuithe a oibriú. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis ghnó agus sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta, agus cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo;
- córas buiséadaithe cuí lena ngabhann buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta;

- córais a bhfuil mar aidhm leo slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú; agus
- córais chun na sócmhainní a chosaint.

**Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach**
Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun le haghaidh faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh sin atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Chomhairle, nuair is iomchuí.

Deimhním go bhfuil na córais faireacháin leanúnaigh seo a leanas i bhfeidhm:

- sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú;
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal mar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais; agus
- déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais ina gcuirtear an fheidhmíocht iarbhír i gcomparáid leis an mbuiséad nó leis an bhfeidhmíocht thuartha.

**Bainistíocht Airgeadais agus Tuairisciú Airgeadais**
Ceanglaítear leis an gCód Cleachtais ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú a dhéanamh ar dhréachtchuntais sula molann sé go nglacfadh an Chomhairle iad agus sula gcuirtear isteach lena n-iniúchadh iad. Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar na dréachtchuntais an 18 Feabhra 2020 agus mhol sé go nglacfadh an Chomhairle iad. Ghlac an Chomhairle na dréachtchuntais ag an gcruinniú dá cuid an 26 Feabhra 2020.

**Soláthar**
Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte reatha maidir le soláthar. Is leagtha amach faoi shaincheisteanna rialaithe inmheánaigh thíos atá na nithe a tháinig chun cinn i ndáil le rialuithe ar sholáthar.

**Athbhreithniú ar Éifeachtacht**
Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, déanann siad eolas d'fhaireachán agus athbhreithniú na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Is féidir liom a dheimhniú go ndearna an Chomhairle a hathbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht rialuithe inmheánacha ag an gcruinniú dá cuid an 26 Feabhra 2020.

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

**Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh**
Le linn na bliana 2019, tabhaíodh caiteachas dar luach €449,930 i ndáil le hearraí agus seirbhísí ar ina leith nár chomhlíon na nósanna imeachta soláthair a cuireadh i bhfeidhm na treoirlínte soláthair. Bhí 17 soláthraí i gceist leis sin.

- I seacht gcás, a raibh caiteachas iomlán €184,136 i gceist leo, seoladh tairiscint agus dámhadh conradh;
- I sé chás, a raibh caiteachas iomlán €150,050 i gceist leo, scoireadh den chonradh cheana féin nó scoirfear den chonradh roimh dheireadh na bliana 2020;
- Sna ceithre chás eile, a raibh caiteachas iomlán €115,744 i gceist leo, tá próisis soláthair ag céim na pleanála nó tá siad ar siúl faoi láthair.

Rinne an Chomhairle an Plean nua Soláthair Chorparáidigh ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta don tréimhse 2019-2022 a cheadú i mí Dheireadh Fómhair 2019 agus faigheann sí tuarascálacha faireacháin agus comhlíonta ar bhonn ráithiúil maidir le cleachtais soláthair ar fud na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta.

Sínithe:

**Joseph Hayes**
**Cathaoirleach**
**An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta**

**Dáta: 23 Meán Fómhair 2020**

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

| | Nótaí | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontas Stáit | 2 | 14,430,776 | 13,066,334 |
| Aistriú chuig an gcuntas caipitil | 11 | (19,940) | (121,556) |
| Ioncam eile | 3 | 3,050 | 15,445 |
| Ioncam iomlán | | 14,413,886 | 12,960,223 |
| **Caiteachas** | 4 | (14,528,369) | (12,978,455) |
| **Easnamh don bhliain** | | (114,483) | (18,232) |
| **Cúlchistí coinnithe ioncaim i dtús na bliana** | | (143,091) | (124,859) |
| **Cúlchistí coinnithe ioncaim ag deireadh na bliana** | | (257,574) | (143,091) |

Is le gníomhaíochtaí leanúnacha a bhaineann gach mír ioncaim agus caiteachais.

Tá nótaí 1 go 18 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

**Sínithe:**

**Joseph Hayes**
**Cathaoirleach**

**Dáta: 23 Meán Fómhair 2020**

**Teresa Griffin**
**Príomhfheidhmeannach**

**Dáta: 23 Meán Fómhair 2020**

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

| | Nótaí | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|---|
| Easnamh don bhliain | | (114,483) | (18,232) |
| Caillteanas achtúireach ar dhliteanais phinsin | 7 | (8,600) | (18,700) |
| Coigeartú ar shócmhainn cistiúcháin iarchurtha phinsin | 7 | 8,600 | 18,700 |
| Easnamh cuimsitheach iomlán don bhliain | | (114,483) | (18,232) |

Is le gníomhaíochtaí leanúnacha a bhaineann gach mír ioncaim agus caiteachais.

Tá nótaí 1 go 18 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

**Sínithe:**

**Joseph Hayes**
**Cathaoirleach**

**Dáta: 23 Meán Fómhair 2020**

**Teresa Griffin**
**Príomhfheidhmeannach**

**Dáta: 23 Meán Fómhair 2020**

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2019

| | Nótaí | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ NEAMHREATHA** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 8 | 633,632 | 613,692 |
| | | | |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | |
| Suimeanna Infhaighte | 9 | 159,824 | 116,885 |
| Airgead agus coibhéisí airgid | | 459,185 | 471,221 |
| | | | |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA IOMLÁNA** | | 619,009 | 588,106 |
| | | | |
| **DLITEANAIS REATHA** | | | |
| Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin | 10 | (876,583) | (731,197) |
| | | | |
| **GLANDLITEANAIS REATHA** | | (257,574) | (143,091) |
| | | | |
| **SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAIS REATHA** | | 376,058 | 470,601 |
| | | | |
| **SOCHAIR SCOIR** | | | |
| Oibleagáidí sochair scoir | 7 | (87,000) | (38,000) |
| Sócmhainn cistiúcháin iarchurtha sochair scoir | 7 | 87,000 | 38,000 |
| | | | |
| **GLANSÓCMHAINNÍ IOMLÁNA** | | 376,058 | 470,601 |
| | | | |
| **CAIPITEAL AGUS CÚLCHISTÍ** | | | |
| Cúlchistí coinnithe ioncaim | | (257,574) | (143,091) |
| Cuntas caipitil | 11 | 633,632 | 613,692 |
| | | 376,058 | 470,601 |

Tá nótaí 1 go 18 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

**Sínithe:**

**Joseph Hayes**
**Cathaoirleach**

**Dáta: 23 Meán Fómhair 2020**

**Teresa Griffin**
**Príomhfheidhmeannach**

**Dáta: 23 Meán Fómhair 2020**

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
## Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid
## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

| | Nótaí | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|---|
| **(Easnamh) oibriúcháin a réiteach le glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| (Easnamh) oibriúcháin don bhliain | | (114,483) | (18,232) |
| Dímheas | 8 | 170,458 | 142,727 |
| Aistriú chuig an gcuntas caipitil | 11 | 19,940 | 121,556 |
| (Méadú)/Laghdú i suimeanna infhaighte | 9 | (42,939) | 35,853 |
| Méadú/(Laghdú) i suimeanna iníoctha | 10 | 145,386 | (254,892) |
| Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | | 178,362 | 27,012 |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Íocaíochtaí chun réadmhaoin, gléasra agus trealamh a cheannach | 8 | (190,398) | (264,283) |
| Laghdú in airgead agus i gcoibhéisí airgid | | (12,036) | (237,271) |
| Airgead agus coibhéisí airgid ag an 1 Eanáir | | 471,221 | 708,492 |
| Airgead agus coibhéisí airgid ag an 31 Nollaig | | 459,185 | 471,221 |
| **Laghdú in airgead agus i gcoibhéisí airgid** | | (12,036) | (237,271) |

Tá nótaí 1 go 18 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

**Sínithe:**

**Joseph Hayes**
**Cathaoirleach**

**Dáta: 23 Meán Fómhair 2020**

**Teresa Griffin**
**Príomhfheidhmeannach**

**Dáta: 23 Meán Fómhair 2020**

Tá na nótaí seo mar chuid dhílis de na ráitis airgeadais a ghabhann leo agus ba cheart iad a léamh i gcomhar leis na ráitis sin.

### 1. ACHOIMRE AR BHEARTAIS SHUNTASACHA CHUNTASAÍOCHTA

Tá na beartais shuntasacha chuntasaíochta a cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú leagtha amach thíos. Mura sonraítear a mhalairt, cuireadh na beartais sin i bhfeidhm go comhsheasmhach i leith na mblianta uile atá curtha i láthair.

### 1.1 Bonn an ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 – "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann" ("FRS102"). Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe na cuntasaíochta, ach amháin i gcás ioncaim mar atá mionsonraithe i Nóta 1.4 thíos, agus de réir na bprionsabal cuntasaíochta a bhfuil glacadh leo faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

### 1.2 Airgeadra tuairiscithe

Cuirtear ráitis airgeadais na Comhairle i láthair in Euro ("€"), arb é airgeadra feidhmiúil na Comhairle é freisin. Déantar idirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a thaifeadadh de réir an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ag dátaí na n-idirbheart. Déantar sócmhainní agus dliteanais airgid atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a aistriú go euro ag na rátaí a bhí i bhfeidhm ag deireadh na bliana. Caitear leis na difríochtaí malairte a thagann as sin le linn ioncam agus caiteachas a ríomh don bhliain airgeadais.

### 1.3 Gnóthas Leantach

Is trína cuid gníomhaíochtaí cistiúcháin agus iarmhéideanna airgid a fhreastalaíonn an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta ar a riachtanais laethúla chaipitil oibre. Tá ionchas réasúnach ag an gComhairle go bhfuil acmhainní dóthanacha ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta chun leanúint lena gníomhaíocht oibriúcháin go ceann i bhfad. Dá bhrí sin, ullmhaíodh na ráitis airgeadais eintitis seo ar bhonn an ghnóthais leantaigh.

### 1.4 Tréimhse chuntasaíochta

Cumhdaítear sna Ráitis Airgeadais an bhliain idir an 1 Eanáir 2019 agus an 31 Nollaig 2019

### 1.5 Ioncam

Tuairiscítear ioncam ar bhonn fáltas airgid. Is ionann ioncam agus an tsuim a íoctar go díreach leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

- ón Roinn Oideachais agus Scileanna don bhliain ar mhodh deontais de réir alt 43 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004;
- ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige don bhliain ar mhodh deontais don Tionscadal Teiripe Ionscoile; agus
- ar mhodh íocaíochta ar líne ón leabharlann ar líne.

**1. ACHOIMRE AR BHEARTAIS SHUNTASACHA CHUNTASAÍOCHTA *(ar lean)***

### 1.6 Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh de réir costais lúide dímheas carntha. Gearrtar dímheas de réir méid cothrom ag rátaí a mheastar chun costas na sócmhainní a dhíscríobh thar a saolré úsáideach mheasta, mar a leanas:

| | |
|---|---|
| Troscán agus feistis | 10 mbliana |
| Trealamh oifige | 5 bliana |
| Trealamh ríomhaire | 5 bliana |
| Athchóiriú léasachta | 19 mbliana |
| Bogearraí ríomhaire/suíomh Gréasáin | 3 bliana |

Déantar luachanna anonn réadmhaoine, gléasra agus trealaimh a athbhreithniú le haghaidh bearnú nuair a thugann eachtraí nó athruithe i gcúinsí le fios go bhféadfadh nach mbeifí in ann an luach anonn a aisghabháil. Déantar saolréanna úsáideacha measta, luachanna iarmharacha agus modhanna dímheasa a athbhreithniú, agus a choigeartú de réir mar is cuí, ag deireadh gach bliana airgeadais.

Tá beartas na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta maidir le sócmhainní seasta a sholáthar agus a dhiúscairt leagtha amach ina Lámhleabhar maidir le Beartais agus Nósanna Imeachta Airgeadais, rud atá ar aon dul le ciorcláin ón Roinn Airgeadais, leis na Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí agus leis an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016.

### 1.7 Cuntas caipitil

Léirítear sa chuntas caipitil luach neamhamúchta an ioncaim a úsáideadh chun sócmhainní seasta a mhaoiniú.

### 1.8 Sochair fostaithe

Soláthraíonn an Chomhairle raon sochar d'fhostaithe, lena n-áirítear socruithe saoire íoctha.

*Sochair ghearrthéarmacha*
Déantar sochair ghearrthéarmacha, lena n-áirítear pá saoire, a aithint mar speansas sa tréimhse ina bhfaightear an tseirbhís.

*Costas sochair scoir*
Foráiltear le halt 25(5) den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu gur státseirbhísigh iad na baill foirne de chuid na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. Tá Scéimeanna Aoisliúntais na Státseirbhíse ina scéimeanna neamhchistithe sochair shainithe. Is í an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a riarann iad. Níl aon mhuirear ann sna ráitis airgeadais i leith aon dliteanas a d'fhéadfadh teacht chun cinn i leith na mball foirne sin. Tiocfaidh teidlíochtaí sochair bhall foirne as a gcuid seirbhíse leis an gComhairle agus as a gcuid seirbhíse roimhe sin sa státseirbhís nó sa tseirbhís phoiblí, nuair is cuí. Ní chistítear an Chomhairle i leith teidlíochtaí sochair den sórt sin. Mar sin, ní mheastar go bhfuil feidhm ag na ceanglais atá in FRS 102 maidir le pleananna sochair shainithe anseo agus ní mheastar gur gá aon nochtadh eile a dhéanamh.

**1. ACHOIMRE AR BHEARTAIS SHUNTASACHA CHUNTASAÍOCHTA *(ar lean)***

**1.8 Sochair fostaithe *(ar lean)***

*Costas sochair scoir (ar lean)*
Tá baill foirne ar thosaigh a bhfostaíocht leis an gComhairle tar éis an 1 Eanáir 2013 ina mbaill den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile), 2012. Déanann an Chomhairle na hasbhaintí riachtanacha as tuarastail do bhaill foirne ar cuid den scéim iad. Féach Nóta 7 chun tuilleadh mionsonraí a fháil.

**1.9 Breithiúnas agus meastacháin a úsáid**

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú aige, rinne an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanann difear do chur i bhfeidhm bheartais chuntasaíochta an eintitis agus do shuimeanna tuairiscithe na sócmhainní, na ndliteanas, an ioncaim agus na speansas. D'fhéadfadh na torthaí iarbhír bheith éagsúil leis na meastacháin sin. Déantar athbhreithniú ar na meastacháin agus ar na buntoimhdí ar bhonn leanúnach. Aithnítear athbhreithnithe ar na meastacháin ar bhealach ionchasach.

| **2. IONCAM** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Chuir an Roinn Oideachais agus Scileanna na cistí seo a leanas ar fáil don Chomhairle: | | |
| Deontas don Chomhairle (Vóta 26 - Fo-mhírcheann: A11.5 Pá agus Neamhphá) | 12,161,500 | 12,180,246 |
| An Tionscadal Teiripe Ionscoile | 1,921,500 | 745,000 |
| Chuir an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige na cistí seo a leanas ar fáil don Chomhairle: | | |
| Deontas don Chomhairle: | | |
| Cistiú don Tionscadal Teiripe Ionscoile (an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige) | 347,776 | 141,088 |
| | 14,430,776 | 13,066,334 |

| **3. IONCAM EILE** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Ioncam cíosa | - | 5,269 |
| Saoráil Faisnéise | 30 | 6 |
| Táillí leabharlainne ar líne | 3,020 | 10,170 |
| Ioncam eile iomlán | 3,050 | 15,445 |

| **4.** | **CAITEACHAS** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** |
| | Priontáil, postas agus páipéarachas | 260,197 | 365,490 |
| | Cíos agus rátaí | 572,705 | 561,265 |
| | Teileafón | 273,705 | 233,719 |
| | Solas agus teas | 61,724 | 54,617 |
| | Deisiúcháin agus cothabháil | 83,874 | 84,420 |
| | Oiliúint agus forbairt | 145,867 | 68,795 |
| | Rannpháirtithe oiliúna (forbairt ghairmiúil leanúnach)[4] | 558,661 | 647,112 |
| | Speansais taistil agus chothaithe[5] | 1,450,845 | 1,385,541 |
| | Rannpháirtithe taistil agus cothaithe[6] | 292,296 | 407,482 |
| | Speansais chruinnithe[7] | 84,756 | 60,194 |
| | Speansais ghinearálta | 25,205 | 8,233 |
| | Táillí earcaíochta | 6,092 | 5,146 |
| | Caiteachas taighde | 29,227 | 72,326 |
| | Speansais TF | 370,460 | 370,926 |
| | Táillí comhairleachta[8] | 147,072 | 126,104 |
| | Seirbhísí seachfhoinsithe[9] | 309,039 | 468,345 |
| | Seirbhísí gairmiúla agus idirghabháil ghairmiúil[10] | 536,953 | 199,158 |
| | Táille iniúchta inmheánaigh | 15,110 | 37,828 |
| | Táille iniúchta sheachtraigh | 20,000 | 28,918 |
| | Táillí cuntasaíochta | 45,176 | 23,235 |
| | Costais athstruchtúrúcháin | 139,398 | - |
| | Costais tionscadal | 7,990 | - |
| | Táillí dlí | 26,517 | 18,228 |
| | Conradh don Tionscadal Teiripe Ionscoile | 1,968,968 | 694,847 |
| | Díscríobh stairiúil féichiúnaithe | - | 722 |
| | Pá agus tuarastail (Nóta 5) | 6,366,044 | 6,368,102 |
| | ÁSPC ón bhFostóir | 560,030 | 544,975 |
| | Dímheas | 170,458 | 142,727 |
| | Caiteachas Iomlán | 14,528,369 | 12,978,455 |

[4] Léiríonn sé seo na costais oiliúna a bhaineann le forbairt ghairmiúil leanúnach a sholáthar do rannpháirtithe, lena n-áirítear costais ionaid tionóil, costais léachtóra agus táillí cúrsa.

[5] Tháinig méadú ar speansais taistil agus chothaithe sa bhliain 2019 mar gheall ar chostais bhreise foirne agus ar chostais fhairsinge taistil, bunaithe ar chineál cuairte na hoibre lena mbaineann. B'ionann na speansais taistil agus chothaithe eachtraigh sa bhliain agus €7,334 (2018: €4,410). Ba le taisteal intíre a bhain gach speansas taistil agus cothaithe eile.

[6] Léiríonn sé seo na costais taistil agus chothaithe a thabhaigh rannpháirtithe a d'fhreastail ar chúrsaí forbartha gairmiúla leanúnaí.

[7] Níor thabhaigh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta aon chaiteachas siamsaíochta sa bhliain (2018: nialas).

[8] Tabhaíodh táillí comhairleachta i leith seirbhísí cumarsáide, TF, taighde, comhairle dlí agus comhairle airgeadais agus achtúireach.

[9] Léiríonn sé seo na costais riaracháin a bhaineann le seirbhísí agus tuarastail a sholáthar trí na hIonaid Oideachais.

[10] Léiríonn sé seo na costais a tabhaíodh le linn seirbhísí cosúil leo seo a leanas a sholáthar: teiripe saothair; teiripe urlabhra agus teanga; idirghabhálacha litearthachta agus uimhearthachta; idirghabhálacha feabhsú iompraíochta; agus measúnuithe gairmiúla.

## 5. PÁ AGUS TUARASTAIL

Tá beartas an Rialtais maidir le pá an phríomhfheidhmeannaigh agus maidir le pá gach fostaí de chuid comhlachta stáit á chur chun feidhme faoi láthair. B'ionann an líon ball foirne a bhí fostaithe ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta ag deireadh na bliana 2019 agus 117 nduine (2018: 101), a bhí comhdhéanta de 81 bhall foirne Seirbhísí Áitiúla (2018: 73) agus 36 bhall foirne Ceannoifige (2018: 28).

Maidir le caiteachas ar thuarastail, bhí sé cothrom le €4,595,739 (2018: €4,802,798) do bhaill foirne Seirbhísí Áitiúla, bhí sé cothrom le €87,686 (2018: 57,964) do bhaill foirne ar conradh de chuid an Tionscadail Teiripe Ionscoile, agus bhí sé cothrom le €1,682,619 (2018: €1,507,340) do bhaill foirne Ceannoifige. B'ionann an caiteachas sin ar fad agus €6,366,044 (2018: €6,368,102). Áirítear leis na hiomláin sin suim €579 a íocadh i leith ragoibre agus suim €59,256 a íocadh i leith liúntais dualgais níos airde.

Asbhaineadh ranníocaíochtaí aoisliúntais dar luach €307,674 as tuarastail foirne le linn na bliana (2018: €269,339). D'íoc an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta €311,307 leis an Roinn Oideachais agus Scileanna le linn na bliana (2018: €252,350).

Tógadh €284,755 mar asbhaintí a bhaineann le pinsin as tuarastail foirne le linn na bliana (2018: €384,733). D'íoc an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta €284,694 leis an Roinn Oideachais agus Scileanna le linn na bliana (2018: €381,115).

Ní ghearrtar ar chuntais na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta an costas a bhaineann le seirbhísí a bhfuil an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta freagrach astu a bheith á soláthar ag baill foirne atá fostaithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna nó ag boird bhainistíochta.

## 6. SPEANSAIS, TÁILLÍ NA gCOMHALTAÍ DEN CHOMHAIRLE AGUS LUACH SAOTHAIR AN PHRÍOMHOIFIGIGH FEIDHMIÚCHÁIN

Ní íoctar táillí le comhaltaí den Chomhairle i leith an róil atá acu mar chomhaltaí de Chomhairle na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. Tá na comhaltaí den Chomhairle i dteideal speansais taistil agus chothaithe a éileamh, arbh ionann iad agus €3,113 sa bhliain 2019 (2018: €13,260).

Is Ard-Rúnaí Cúnta státseirbhíse í an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin. Ba é €148,620 luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin don tréimhse airgeadais sa bhliain 2019 (2018: €143,445). Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ina ball den scéim aoisliúntais do Státseirbhísigh Bhunaithe agus ní théann a teidlíochtaí pinsin thar theidlíochtaí caighdeánacha na scéime – féach freisin Nóta 1.7: Sochair Fostaithe. Ba é €542,801 an luach saothair iomlán a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta don bhliain 2019 (2018: €560,017). I measc an phríomhphearsanra bainistíochta tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus na Príomhoifigigh a thuairiscíonn go díreach don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin.

## 7. COSTAIS SOCHAIR SCOIR

Tá feidhm ag scéim aoisliúntais sochair shainithe maidir le baill foirne na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. Tá Scéimeanna Aoisliúntais na Státseirbhíse ina scéimeanna neamhchistithe sochair shainithe. Is í an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a riarann iad. Maoinítear sochair ar bhonn "íoc mar a théitear". Ní choinnítear aon sócmhainní i leith dhliteanais phinsin fhabhraithe bhaill foirne na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus ní ghearrtar aon ní ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Feidhmíonn an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (an "Plean") freisin, rud a bhfuil feidhm aige maidir le 21 bhall foirne a chuaigh isteach san earnáil phoiblí mar iontrálaithe nua an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Is scéim pinsean sochair shainithe í agus thug an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta cuntas uirthi le linn di a hoibleagáidí sochair shainithe scoir a mheas de réir FRS 102. Is le cuntas sochair scoir de chuid an Stáit a íoctar gach ranníocaíocht sochair scoir a dhéanann fostaithe isteach sa scéim. Feidhmítear an scéim ar bhonn 'íoc mar a théitear', áit a bhfuil ranníocaíochtaí iníoctha ó chroíchistiú na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. Déantar teidlíochtaí aoisliúntais a thagann chun cinn faoin scéim a ghearradh ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain ina dtuilltear iad.

Maidir leis an modheolaíocht meastóireachta a úsáideadh, tá sí bunaithe ar luacháil achtúireach iomlán a ndearna achtúire neamhspleách cáilithe í, agus aird á tabhairt ar cheanglais FRS 102, chun measúnú a dhéanamh ar dhliteanais na scéimeanna amhail an 31 Nollaig 2019.

Ba iad seo a leanas na toimhdí airgeadais ar baineadh úsáid astu chun dliteanais scéime a ríomh:

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| Ráta Lascaine | 1.27% | 1.97% |
| Boilsciú Praghsanna | 1.55% | 1.83% |
| Méaduithe Tuarastail | 2.55% | 2.83% |
| Méaduithe Pinsin Stáit | 1.55% | 1.83% |
| Méaduithe Toimhdithe Pinsin | 1.55% | 1.83% |

**Ionchas saoil**

Déanann an bonn mortlaíochta soláthar follasach d'fheabhsuithe ar ionchas saoil le himeacht ama, a fhágann go mbeidh ionchas saoil tráth an scoir ag brath ar an mbliain ina mbainfidh an ball an aois scoir amach. Léirítear sa tábla thíos an t-ionchas saoil do bhaill a bhainfidh 65 bliana d'aois amach sa bhliain 2019 agus sa bhliain 2039.

| **Bliain ina mbainfear 65 bliana d'aois amach** | **2019** | **2039** |
|---|---|---|
| Ionchas saoil – fear (i mblianta) | 19.2 | 21.4 |
| Ionchas saoil – bean (i mblianta) | 21.5 | 23.4 |

**7. COSTAIS SOCHAIR SCOIR (ar lean)**

**(a) Anailís ar an tsuim a gearradh ar bhrabús oibriúcháin**

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Costais seirbhíse reatha | 39,700 | 14,700 |
| Ús ar dhliteanais sochair shainithe | 700 | 100 |
| Costais sochar foirceanta | - | - |
| | 40,400 | 14,800 |
| Cistiú in-aisghabhála i leith chostais scoir na bliana reatha | 40,400 | 14,800 |

**(b) Sócmhainn cistiúcháin iarchurtha sochair scoir**

Aithníonn an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta an tsuim seo mar shócmhainn atá comhfhreagrach don dliteanas iarchurtha neamhchistithe le haghaidh pinsean, bunaithe ar an tacar toimhdí atá tuairiscithe thuas agus ar roinnt eachtraí san am atá thart. Áirítear leis na heachtraí sin an bonn reachtúil leis an bPlean a bhunú agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i dtaca le pinsin seirbhíse poiblí a chistiú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil.

Níl aon fhianaise ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta á léiriú nach leanfaidh an beartas cistiúcháin seo ar aghaidh le suimeanna den sórt sin a íoc de réir an chleachtais reatha. I gcás go mbunófar sócmhainn amach anseo le haghaidh oibleagáidí faoin Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair, is go lárnach a chisteofar íocaíocht na n-oibleagáidí sin.

| **(c) Gluaiseacht in oibleagáidí sochair shainithe** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Glanoibleagáid sochair scoir amhail an 1 Eanáir 2019 | (38,000) | (4,500) |
| Costas seirbhíse iomlán - fostaithe | (39,700) | (14,700) |
| Glan-ús ar an nglandliteanas sainithe | (700) | (100) |
| Caillteanas achtúireach le linn na bliana | (8,600) | (18,700) |
| Pinsin a íocadh sa bhliain | - | - |
| Glanoibleagáid sochair scoir amhail an 31 Nollaig 2019 | (87,000) | (38,000) |

| **(d) Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Caillteanas achtúireach le linn na bliana | (8,600) | (18,700) |
| Caillteanas ó thaithí sa bhliain | - | - |
| Caillteanas achtúireach iomlán don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 | (8,600) | (18,700) |

**8. RÉADMHAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH**

| Costas | Athchóiriú léasachta € | Trealamh oifige € | Troscán € | Trealamh Ríomhaire € | Bogearraí ríomhaire /suíomh Gréasáin € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ag an 1 Eanáir 2019 | 610,351 | 153,109 | 591,606 | 915,218 | 446,126 | 2,716,410 |
| Breiseanna | - | 8,635 | 7,588 | 174,175 | - | 190,398 |
| Diúscairtí | - | - | - | (45,045) | - | (45,045) |
| Ag an 31 Nollaig 2019 | 610,351 | 161,744 | 599,194 | 1,044,348 | 446,126 | 2,861,763 |
| **Dímheas carntha** | | | | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2019 | 449,733 | 96,458 | 543,204 | 573,926 | 439,397 | 2,102,718 |
| Muirear don bhliain | 32,124 | 19,599 | 14,262 | 97,744 | 6,729 | 170,458 |
| Diúscairtí | - | - | - | (45,045) | - | (45,045) |
| Ag an 31 Nollaig 2019 | 481,857 | 116,057 | 557,466 | 626,625 | 446,126 | 2,228,131 |
| **Glanluach leabhar** | | | | | | |
| Ag an 31 Nollaig 2018 | 160,618 | 56,651 | 48,402 | 341,292 | 6,729 | 613,692 |
| Ag an 31 Nollaig 2019 | 128,494 | 45,687 | 41,728 | 417,723 | - | 633,632 |

| **An bhliain roimhe** | Athchóiriú léasachta | Trealamh oifige | Troscán | Trealamh Ríomhaire | Bogearraí ríomhaire /suíomh Gréasáin | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | € | € | € | € | € | € |
| Ag an 1 Eanáir 2018 | 610,351 | 147,797 | 564,719 | 683,134 | 446,126 | 2,452,127 |
| Breiseanna | - | 5,312 | 26,887 | 232,084 | - | 264,283 |
| Diúscairtí | - | - | - | - | - | - |
| Ag an 31 Nollaig 2018 | 610,351 | 153,109 | 591,606 | 915,218 | 446,126 | 2,716,410 |
| **Dímheas carntha** | | | | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2018 | 417,609 | 78,186 | 529,566 | 513,437 | 421,193 | 1,959,991 |
| Muirear don bhliain | 32,124 | 18,272 | 13,638 | 60,489 | 18,204 | 142,727 |
| Diúscairtí | - | - | - | - | - | - |
| Ag an 31 Nollaig 2018 | 449,733 | 96,458 | 543,204 | 573,926 | 439,397 | 2,102,718 |
| **Glanluach leabhar** | | | | | | |
| Ag an 31 Nollaig 2017 | 192,742 | 69,611 | 35,153 | 169,697 | 24,933 | 492,136 |
| Ag an 31 Nollaig 2018 | 160,618 | 56,651 | 48,402 | 341,292 | 6,729 | 613,692 |

### 9. SUIMEANNA INFHAIGHTE

| | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|
| Réamhíocaíochtaí | 102,623 | 112,403 |
| Suimeanna Infhaighte | 54,719 | 4,482 |
| Asbhaintí párolla | 2,482 | - |
| | 159,824 | 116,885 |

Tá na suimeanna infhaighte go léir dlite laistigh de bhliain amháin.

### 10. DLITEANAIS REATHA

| **Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin** | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|
| Suimeanna is iníoctha le soláthraithe | 37,629 | 114,572 |
| Ioncam iarchurtha | 28,184 | - |
| CBL | 9,143 | 2,434 |
| Cáin ar Sheirbhísí Gairmiúla | - | 9,951 |
| Soláthar do phá saoire | 206,635 | 273,218 |
| Fabhruithe | 591,113 | 288,125 |
| Suimeanna iníoctha eile | 3,879 | 42,897 |
| | 876,583 | 731,197 |

### 11. CUNTAS CAIPITIL

| | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh | 613,692 | 492,136 |
| Ioncam a úsáideadh chun sócmhainní a cheannach | 190,398 | 264,283 |
| Amúchadh ar aon dul le dímheas sócmhainní | (170,458) | (142,727) |
| Aistriú ón gcuntas ioncaim agus caiteachais | 19,940 | 121,556 |
| Iarmhéid deiridh | 633,632 | 613,692 |

### 12. CEANGALTAIS FAOI LÉASANNA OIBRIÚCHÁIN

Oibríonn an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta líonra ina bhfuil 33 oifig atá lonnaithe ar fud an Stáit, lena n-áirítear a Ceanncheathrú i mBaile Átha Troim, Contae na Mí. Tá formhór na n-oifigí á nglacadh ar cíos ó eintitis a gcistíonn an Rialtas iad. Oibrítear seacht n-oifig trí chomhaontuithe léasa* idir an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus comhlachtaí tráchtála.

### 12. CEANGALTAIS FAOI LÉASANNA OIBRIÚCHÁIN *(ar lean)*

Tá comhaontuithe ligin i bhfeidhm ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta le cúig chomhlacht tráchtála:

- Léas 1 ar feadh tréimhse 3 bliana dar tús an 1 Nollaig 2019, ar chíos bliantúil €11,660
- Léas 2 ar feadh tréimhse 2 bhliain dar tús an 1 Lúnasa 2018, ar chíos bliantúil €14,760
- Léas 3 ar feadh tréimhse 4 bliana agus 9 mí dar tús an 1 Lúnasa 2015, ar chíos bliantúil €10,000
- Léas 4 ar feadh tréimhse 3 bliana dar tús an 1 Samhain 2018, ar chíos bliantúil €18,450
- Léas 5 ar feadh tréimhse aon bhliana dar tús an 27 Lúnasa 2019, ar chíos bliantúil €120,552
- Léas 6 ar feadh tréimhse 3 bliana dar tús an 1 Eanáir 2020, ar chíos bliantúil €7,786

B'ionann an cíos bliantúil a gearradh ar an gcuntas Ioncaim agus Caiteachais i leith comhaontuithe léasa agus €142,878 (2018: €86,030), rud lenar áiríodh caiteachas eile cíosa nár chumhdaíodh faoi chomhaontú.

Amhail deireadh na bliana, beidh íocaíochtaí íosta léasa le déanamh ag an gComhairle mar a leanas faoi léasanna oibriúcháin:

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| laistigh de bhliain amháin | 128,776 | 126,723 |
| idir bliain 2 agus bliain 5 | 53,295 | 63,127 |
| tar éis na mblianta sin | - | - |
| | 182,071 | 189,850 |

*Níl na comhaontuithe seo faoi réir athbhreithnithe cíosa.

### 13. ÁITRIBH

Áitíonn an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta áitribh ag 1-2 Sráid an Mhuilinn, Baile Átha Troim, Co. na Mí, faoi chomhaontú cíosa atá i bhfeidhm aici le hOifig na nOibreacha Poiblí. Tosaíodh an comhaontú sin sa bhliain 2004 agus mairfidh sé téarma 20 bliain, agus muirear cíosa bliantúil €87,646 i gceist leis. Tá socruithe cíosa i bhfeidhm ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta le hOifig na nOibreacha Poiblí i leith 20 réadmhaoin eile freisin. Níl aon chomhaontú i scríbhinn i bhfeidhm idir Oifig na nOibreacha Poiblí agus an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta i leith na réadmhaoine sin faoi láthair agus chuir an Oifig in iúl go bhfuil an scéal sin á fhiosrú aici mar chuid den sainchúram foriomlán atá uirthi cóiríocht oifige a ligean ar cíos le comhlachtaí/gníomhaireachtaí Rialtais.

Áitíonn an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta áitribh i gcúig Ionad Oideachais. Tá comhaontuithe i scríbhinn i bhfeidhm i leith dhá cheann de na háitribh sin. Ní raibh comhaontuithe i scríbhinn i bhfeidhm i leith trí cinn díobh sa bhliain 2019 (cuireadh comhaontuithe i bhfeidhm i leith dhá cheann de na háitribh sin sa bhliain 2020). Ina theannta sin, áitíonn an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta áitreabh i mbunscoil amháin nach raibh comhaontú i scríbhinn i bhfeidhm ina leith sa bhliain 2019. Cuireadh comhaontú i bhfeidhm ina leith sa bhliain 2020, áfach.

Tá sé chomhaontú ligin i bhfeidhm ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta le cúig chomhlacht tráchtála. Glacann sí áitreabh ar cíos ó chomhlacht tráchtála eile nach bhfuil aon chomhaontú ligin i bhfeidhm ina leith freisin.

Is é €504,857 an muirear cíosa bliantúil iomlán a chuirtear ar áireamh sna ráitis airgeadais don bhliain 2019 (2018: €555,311).

### 14. STAID CISTIÚCHÁIN

Tagann ioncam na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta ó dheontas ón Roinn Oideachais agus Scileanna, rud a sholáthraítear chun freastal ar dhliteanais a thagann in aibíocht le linn na bliana, agus ní ar chaiteachas a thabhaítear le linn na bliana. Freastalófar ar aon easnamh le cistiú a sholáthróidh an Roinn Oideachais agus Scileanna don Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta amach anseo. Ar an mbonn sin, measann an Chomhairle go bhfuil sé cuí leanúint le bonn an ghnóthais leantaigh a ghlacadh le linn ráitis airgeadais a ullmhú.

Ceanglaítear ar an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta fabhrú as costas na dteidlíochtaí neamhúsáidte saoire bliantúla ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe (Nóta 10). Fabhraíodh €206,635 sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 (2018: €273,218). Tá an tsaoire bhliantúil ar fad a charntar ag deireadh na bliana faoi réir rialacha Chiorclán 27/03 agus Chiorclán 06/2011. Ceadaítear leis na Ciorcláin sin roinnt saoire bliantúla a thabhairt anonn faoi réir teorainneacha agus saoire bhliantúil iomarcach atá fabhraithe ag baill foirne a fhorghéilleadh.

### 15. EACHTRAÍ TAR ÉIS AN CHLÁIR CHOMHARDAITHE

I ndáil le paindéim dhomhanda Covid-19 a tháinig chun cinn go luath sa bhliain 2020, d'fhreagair an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta don ghéarchéim ar aon dul leis an treoir ón rialtas. Tá baill foirne ag obair amach ón mbaile, le tacaíocht ó chórais TF, agus uirlisí éagsúla in úsáid acu chun gur féidir leo leanúint lena gcuid oibre. Chuaigh an eagraíocht i mbun gnímh chun tuilleadh acmhainní a chur ar fáil ar líne do dhaltaí, do thuismitheoirí agus do mhúinteoirí. Leanaimid le hiniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna atá ann ár dtairiscint ar líne a fheabhsú. Leanaimid le cruinnithe rialta na Comhairle a thionól, agus iad ar siúl ar líne anois. Tagann an lucht bainistíochta le chéile go minic chun plé a dhéanamh ar an bhfreagairt do na dúshláin dhosheachanta a thiocfaidh chun cinn. Leanaimid le híocaíochtaí a dhéanamh le soláthraithe gan aon chur isteach agus gan aon laghdú ar rialuithe. Bhí laghdú ann ar chaiteachas i bhfianaise dhúnadh na scoileanna agus na srianta ginearálta atá i bhfeidhm, áfach, agus bíonn an eagraíocht i dteagmháil rialta leis an Roinn Oideachais agus Scileanna ina leith sin. Ós rud é go soláthraíonn sí seirbhís phoiblí a chistítear le hairgead ón Státchiste – a sholáthraítear tríd an Roinn Oideachais agus Scileanna, máthair-roinn na heagraíochta – measann an Chomhairle go bhfuil sé cuí na ráitis airgeadais seo a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh.

### 16. COMHALTAÍ DEN CHOMHAIRLE – NOCHTADH LEASANNA

Ghlac an Chomhairle nósanna imeachta de réir an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 ón Roinn Airgeadais i ndáil le leasanna na gComhaltaí den Chomhairle a nochtadh.

### 17. FIGIÚIRÍ COMPARÁIDEACHA NA BLIANA ROIMHE

Nuair ab infheidhme, rinneadh na figiúirí comparáideacha don bhliain roimhe a athghrúpáil/a athrangú sa bhliain reatha chun críocha inchomparáideachta agus comhsheasmhachta agus chun feabhas a chur ar chur i láthair na ráiteas airgeadais.

### 18. CEADÚ NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Cheadaigh an Cathaoirleach agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na ráitis airgeadais an 23 Meán Fómhair 2020.